European Commission

# FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN EORPACH

## AR THUARASCÁIL SPEISIALTA CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

**Gníomhaíochtaí an Aontais chun dul i ngleic le truailliú na farraige ó longa**

Nílimid tagtha slán as na huiscí suaite fós

# Clár

I. FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN EORPACH GO hACHOMHAIR ........ 2

II. FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN MAIDIR LE PRÍOMHBHARÚLACHA CIE ........ 3

1. Rialacha an Aontais lena dtugtar aghaidh ar thruailliú ó longa ........ 3

2. Rialacha an Aontais lena dtugtar aghaidh ar thruailliú ó longa a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ........ 5

3. Creat an Aontais chun faireachán a dhéanamh ar thruailliú ó longa ........ 6

III. FREAGRACHTAÍ ÓN gCOIMISIÚN MAIDIR LE MOLTAÍ Ó CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA ........ 7

Moladh 1 — Feidhmiú agus éifeachtacht uirlisí foláirimh EMSA maidir le truailliú a fheabhsú ... 7

Moladh 2 — An faireachán ar sheiceálacha éigeantacha na mBallstát faoi threoracha an Aontais a neartú ........ 8

Moladh 3 – Obair leantach a dhéanamh ar shaincheisteanna i dtionscadail arna gcistiú ag an Aontas ........ 8

Moladh 4 — Tuairisciú agus faireachán ar stádas comhshaoil uiscí mara a fheabhsú ........ 9

Is éard atá sa doiciméad seo freagraí ón gCoimisiún Eorpach ar bharúlacha a tugadh i dTuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 265 den Rialachán Airgeadais, agus tá sé le foilsiú in éineacht leis an Tuarascáil Speisialta.

# I. FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN EORPACH GO hACHOMHAIR

Is díol sásaimh don Choimisiún Eorpach an tuarascáil speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) maidir le gníomhaíochtaí an Aontais chun dul i ngleic le truailliú na farraige ó longa.Aithníonn an Coimisiún, tar éis na mblianta de dhul chun cinn i dtreo a spriocanna uaillmhianacha maidir le truailliú a chosc don timpeallacht mhuirí tríd an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, go bhfuil gá le hiarrachtaí agus modhanna breise chun dul i ngleic le truailliú na farraige ó longa.

Athdhearbhaítear leis an gComhaontú Glas don Eoraip uaillmhian an Choimisiúin a dhaonra a chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an timpeallacht, rud a réitíonn an bealach do phláinéad sláintiúil do chách.Ghlac an Coimisiún roinnt tionscnamh de chuid an Aontais arb é is aidhm dóibh truailliú ó mhuiriompar ina fharraigí a laghdú, i gcomhréir leis an Straitéis Chuimsitheach um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste agus leis an bPlean Gníomhaíochta Saor ó Thruailliú.Tá sé ríthábhachtach an t-iompar muirí a dhéanamh níos inbhuanaithe chun spriocanna agus cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a chomhlíonadh, agus ár spriocanna aeráide, chomh maith leis an mbithéagsúlacht agus na huaillmhianta maidir le truailliú nialasach a thabhairt chun cinn. Déanann an earnáil mhuirí iarrachtaí chun na spriocanna sin a bhaint amach agus tá go leor dul chun cinn á dhéanamh.

Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil sin san áireamh i dtionscnaimh bheartais an Aontais atá ar na bacáin agus i gcur chun feidhme na dtionscnamh atá ann cheana. Le Comhshocrú Eorpach um na hAigéin, áiritheofar comhleanúnachas ar fud na réimsí beartais uile a bhaineann leis an aigéan. Díreoidh sé ar thacú le limistéir aigéin agus chósta atá athléimneach agus sláintiúil, an geilleagar gorm a chur chun cinn, úsáid ár bhfarraigí agus ár n-aigéan a bhainistiú go comhleanúnach, agus clár oibre cuimsitheach a fhorbairt le haghaidh eolas, nuálaíocht agus infheistíocht mhuirí. Le Straitéis nua Eorpach um Chalafoirt agus le Straitéis Mhuirí Thionsclaíoch, cuirfear feabhas faoi seach ar iomaíochas, inbhuanaitheacht agus athléimneacht earnáil monaraíochta muirí agus chalafoirt na hEorpa. Áiritheoidh an Coimisiún freisin go gcomhaontóidh an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) bearta uaillmhianacha e.g. maidir le millíní plaisteacha ó choimeádáin chaillte, uiscí sceite agus iarmhair ó chórais glantacháin gáis sceite nó nósanna imeachta réamhnite maidir le tancaeir ceimiceán. Chomh maith leis sin, ba cheart a mheabhrú go bhfuil dlúthnasc idir an fharraige agus gníomhaíochtaí ar talamh, agus a mhalairt, saincheist a bhféachfar uirthi ar bhealach níos dlúithe sa Straitéis maidir le hAthléimneacht i réimse an Uisce lena n-áireofar cur chuige ó fhoinse go muir. Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí agus foilseofar tuarascáil mheastóireachta agus measúnú tionchair go luath.

# II. FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN MAIDIR LE PRÍOMHBHARÚLACHA CIE

## 1. Rialacha an Aontais lena dtugtar aghaidh ar thruailliú ó longa

Tá an Coimisiún tiomanta go hiomlán do rialacha nua-aimseartha a chur chun feidhme maidir le sábháilteacht mhuirí agus do thruailliú uisce ó longa a laghdú. Tá sé ríthábhachtach i ndáil leis sin a áirithiú go bhfuil reachtaíocht mhuirí an Aontais i gcomhréir le rialacha IMO.[1]

I mí na Samhna 2024, glacadh 4 phíosa nua reachtaíochta den 'phacáiste Sábháilteachta Muirí', mar a thugtar air, chun tacú le loingseoireacht ghlan, níos sábháilte agus nua-aimseartha san Aontas. Leis na leasuithe sin, leasaítear na treoracha ábhartha maidir leis an méid seo a leanas: (i) truailliú ó longa, (ii) rialú stáit ar chalafoirt, (iii) imscrúdú timpistí in earnáil an mhuiriompair agus (iv) comhlíonadh cheanglais stát na brataí. Leis an 'bpacáiste' athbhreithnithe, baintear cothromaíocht amach idir an gá atá le hardchaighdeán loingseoireachta a áirithiú ar thaobh amháin agus an gá atá le hiomaíochas earnáil loingseoireachta na hEorpa a chosaint ar an taobh eile agus costais réasúnta a choinneáil d'oibreoirí agus d'údaráis riaracháin na mBallstát ag an am céanna. Ar an iomlán, cuirfidh sé uirlisí nua-aimseartha ar fáil don Aontas chun tacú le loingseoireacht ghlan trí rialacha an Aontais a ailíniú le caighdeáin idirnáisiúnta agus, ag an am céanna, feabhas a chur ar chur chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú trí chreat comhair feabhsaithe idir údaráis Eorpacha agus náisiúnta.[2]

Leis an treoir nua-athbhreithnithe maidir le truailliú ó longa[3], ionchorpraítear caighdeáin idirnáisiúnta i ndlí an Aontais, lena n-áirithítear go mbeidh na daoine atá freagrach as sceitheadh neamhdhleathach substaintí truailliúcháin faoi réir pionóis athchomhairleacha, éifeachtacha agus chomhréireacha chun sábháilteacht mhuirí a fheabhsú agus chun an timpeallacht muirí a chosaint ar thruailliú ó longa ar bhealach níos fearr. Áirithítear leis an dlí athbhreithnithe soiléireacht agus comhleanúnachas le rialacha agus nósanna imeachta idirnáisiúnta, go háirithe rialacha agus nósanna imeachta an choinbhinsiúin idirnáisiúnta um thruailliú ó longa a chosc (MARPOL), ar mhaithe leis an timpeallacht mhuirí a chosaint. Leis an treoir athbhreithnithe maidir le truailliú ó longa, leathnaítear raon feidhme na treorach atá ann faoi láthair chun sceitheadh neamhdhleathach substaintí díobhálacha i bhfoirm phacáistithe, séarachas, dramhaíl agus uiscí sceite agus iarmhair ó chórais glantacháin gáis sceite a chumhdach. Bunaíodh léi freisin creat dlíthiúil neartaithe le haghaidh pionóis riaracháin agus a gcur i bhfeidhm éifeachtach, rud a chuireann ar chumas na n-údarás náisiúnta a áirithiú go bhforchuirfear pionóis athchomhairleacha agus chomhsheasmhacha maidir le teagmhais truaillithe ó longa i bhfarraigí uile na hEorpa.[4]

Leis an treoir nua-athbhreithnithe maidir le rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt[5] (RSC), tugtar cothrom le dáta na ceanglais maidir le cigireacht a dhéanamh ar longa i gcalafort. Ionchorpraítear léi Coinbhinsiún Idirnáisiúnta Nairobi maidir le Báid Bhriste a Bhaint i ndlí an Aontais. Tugann an Coinbhinsiún seo an bunús dlí do stáit shínithe báid bhriste a bhaint, nó a bheith bainte, ar báid bhriste

[1] Féach barúil 14 ó CIE.

[2] Féach barúlacha 18 go 21 ó CIE.
[3] Treoir (AE) 2024/3101 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena leasaítear Treoir 2005/35/CE a mhéid a bhaineann le truailliú ó longa agus maidir le pionóis riaracháin ar sháruithe a thabhairt isteach https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=IO:L_202403101
[4] Féach barúlacha 28, 63, 64 ó CIE.
[5] Treoir (AE) 2024/3009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena leasaítear Treoir 2009/16/CE maidir le rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A32024L3099

iad a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do shábháilteacht beatha daoine, earraí agus maoine ar muir, chomh maith leis an timpeallacht mhuirí. Ciallaíonn a fhorfheidhmiú tríd an gcóras um rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt go mbeidh ar shoithí a thugann cuairt ar chalafoirt an Aontais a léiriú go bhfuil an coinbhinsiún seo á chomhlíonadh go substaintiúil acu nó go bhfuil an baol ann go ndéanfar cigireachtaí níos mionsonraithe orthu, agus ar an gcaoi sin dreasacht a thabhairt do níos mó stát é a dhaingniú.

Leis an treoir nua-athbhreithnithe maidir le timpistí a imscrúdú san earnáil mhuirí,[6] cuirtear feabhas ar chumas comhlachtaí um imscrúdú timpistí imscrúduithe timpistí a dhéanamh agus a thuairisciú ar bhealach tráthúil, saineolach agus neamhspleách.Leis an treoir athbhreithnithe, tugtar cothrom le dáta freisin roinnt sainmhínithe agus tagairtí do reachtaíocht ábhartha an Aontais agus do rialacháin IMO, ionas go mbeidh comhlachtaí um imscrúdú timpistí in ann imscrúduithe timpistí a dhéanamh ar bhealach comhchuibhithe ar fud an Aontais. Maidir le coimeádáin a chailltear ar muir, foráiltear leis an treoir athbhreithnithe nach mór do na Ballstáit iad a thaifeadadh ar an Ardán Faisnéise Eorpach maidir le Taismigh Mhuirí, má tá siad aimsithe ina n-uiscí nó má eascraíonn siad ó longa a bhfuil a mbratach ar foluain acu. Ina theannta sin, leis an treoir lena mbunaítear córas faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí,[7] ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go dtuairisceoidh máistir loinge a chaill roinnt coimeádán na coimeádáin a cailleadh láithreach don stát cósta ábhartha, rud a chiallaíonn go gcumhdaítear faireachán ar choimeádáin chaillte ar leibhéal an Aontais. [8]

Le Straitéis Slándála Muirí athbhreithnithe an Aontais Eorpaigh[9] (SSMAE), a formheasadh trí Chonclúidí ón gComhairle i mí Dheireadh Fómhair 2023, cuirtear cur chuige cuimsitheach ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí slándála muirí. Cuimsítear sa straitéis, i measc nithe eile, gníomhaíochtaí éagsúla chun dul i ngleic le hordanás neamhphléasctha (UXO). Mar chomhlánú air sin, idir 2016 agus 2022, d'infheistigh an Coimisiún Eorpach breis agus EUR 7 milliún i dtionscadail thiomnaithe a bhaineann le UXO. Chuir torthaí na dtionscadal sin feabhas ar theicnící braite, neodraithe UXO agus leathnaigh siad ár n-eolas ar bhagairtí UXO sa timpeallacht mhuirí. [10]

Ag an gcomhdháil 'Our Baltic 2.0' a d'eagraigh an Coimisiún in Palanga, i mí Mheán Fómhair 2023, thug airí ó Bhallstáit Mhuir Bhailt roinnt gealltanas: (i) an comhar le heagraíochtaí réigiúnacha a neartú (an Coimisiún chun Muirthimpeallacht Mhuir Bhailt a Chosaint — HELCOM, Comhairle Stáit Mhuir Bhailt — CBSS) chun dul i ngleic le UXO i Muir Bhailt; (ii) eolas agus bearnaí dlíthiúla a líonadh agus teicneolaíochtaí a chur chun cinn chun UXO a bhaint; (iii) tosaíocht a thabhairt do limistéir ardriosca chun UXO a dhíothú; agus (iv) féachaint ar shásraí cistiúcháin chun tacú leis na gníomhaíochtaí sin. Chun cuidiú leis na Ballstáit na gealltanais sin a chomhlíonadh, thionscain an Coimisiún tuilleadh tionscadal. Tá 4 thionscadal á reáchtáil cheana féin, nó ar tí cistiú a fháil, ón gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID), ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), nó ón gclár Fís Eorpach. Cuireann an Coimisiún an tionscadal is déanaí (EUR 5.6 milliún) chun feidhme, arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa chun teicneolaíochtaí nua a fhorbairt agus a thástáil chun UXO a bhaint i Muir Bhailt.Táthar ag súil go mbeidh ról lárnach ag an tionscadal seo go háirithe maidir leis an aistriú ón gcéim 'ullmhúcháin' nó ón gcéim 'bailithe eolais' go dtí an chéim ghlantacháin.

---

[6] Treoir (AE) 2024/3017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena leasaítear Treoir 2009/18/CE lena mbunaítear na bunphrionsabail lena rialaítear imscrúdú timpistí in earnáil an mhuiriompair agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1286/2011 ón gCoimisiún https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=IO% 3AL_202403017

[7] Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear córas Comhphobail faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí agus lena n-aisghairtear Treoir 93/75/CEE ón gComhairle https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32002L0059

[8] Féach barúlacha 29 go 31 ó CIE.

[9] Straitéis Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh https://www.consilium.europa.eu/media/67499/st14280-en23.pdf

[10] Féach barúil 37 ó CIE.

San iomlán, idir 2016-2024, d'infheistigh an tAontas níos mó ná EUR 24 mhilliún go dtí seo i dtionscadail a bhaineann le UXO.

## 2. Rialacha an Aontais lena dtugtar aghaidh ar thruailliú ó longa a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú

Tá an Coimisiún tiomanta uirlisí a chur ar fáil do na Ballstáit chun truailliú ó longa a bhrath agus chun dul i ngleic leis. Ar an gcéad dul síos, chun truailliú ó longa a bhrath, tairgtear uirlis faireachais satailíte (seirbhís CleanSeaNet) do na Ballstáit. Ar an dara dul síos, chun aghaidh a thabhairt ar neamhrialtachtaí amhrasta, bunaítear córas cigireachtaí faoi chuimsiú na Treorach nua-athbhreithnithe maidir le Rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt agus na Treorach maidir le Saoráidí Glactha Calafoirt [11], a bhfuil uirlisí tiomnaithe ag an dá cheann acu arna n-óstáil ag an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) chun tacú le forfheidhmiú (an córas spriocdhírithe agus tuairiscithe le haghaidh rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt — THETIS agus THETIS an Aontais).

Ní hamháin go gcuimsíonn an Treoir maidir le Truailiú ó Longa caighdeáin idirnáisiúnta ach cuireann sí faisnéis ar fáil do na Ballstáit freisin maidir le doirteadh féideartha a bhrath. Is é atá i seirbhís CleanSeaNet seirbhís faireacháin doirte ola agus braite soithí de chuid EMSA atá bunaithe ar shatailítí. Tagann grúpa tiomnaithe saineolaithe ó na Ballstáit le chéile go rialta gach bliain ó 2007 i leith agus cuireann sé réitigh theicniúla chun cinn maidir leis an teicneolaíocht agus na modheolaíochtaí a úsáideann CleanSeaNet chomh maith lena n-iontaofacht agus lena n-éifeachtacht. Tá baint ag an ngrúpa le hullmhú na bhfeabhsuithe atá beartaithe in CleanSeaNet mar thoradh ar an Treoir nua-leasaithe maidir le Truailliú ó Longa.

Tá sineirgí ann freisin idir na seirbhísí faireachais satailíte a úsáidtear le haghaidh na Treorach maidir le Truailliú ó Longa (CleanSeaNet) agus an córas spriocdhírithe agus tuairiscithe le haghaidh rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt (THETIS). Mar shampla, trí THETIS, tá rochtain ag údaráis na mBallstát ar thorthaí cigireachta roimhe seo maidir le rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt le haghaidh long agus is féidir leo an fhaisnéis sin a úsáid chun a mheas an bhfuil amhras ann go bhfuil sceitheadh neamhdhleathach ar long. Is féidir leis na Ballstáit THETIS a úsáid freisin chun iarraidh ar údarás Ballstáit eile (e.g. an chéad chalafort cuarda eile) cigireacht a dhéanamh ar an long a bhfuil amhras fúithi. Is féidir leo THETIS an Aontais a úsáid freisin le fáil amach an ndearnadh cigireacht ar an long ar leith maidir lena bainistiú dramhaíola agus cibé ar fhág sí an dramhaíl faoi thrácht i Saoráid Glactha Calafoirt an chalafoirt cuarda roimhe sin.

Is iad Seirbhísí Muirí Comhtháite in SafeSeaNet, CleanSeaNet, THETIS agus THETIS an Aontais a bhailíonn na sonraí don Aontas. Éascaíonn sé an cinneadh maidir leis an teagmhas truaillithe a d'fhéadfadh a bheith ann a fhíorú nó gan é a fhíorú. Dá bhrí sin, tá mol tiomnaithe de chuid an Aontais ag na Ballstáit arna óstáil ag EMSA chun tacú le truailliú ó longa a bhrath agus dul i ngleic leis.[12]

Forchuirtear leis an Treoir maidir le Saoráidí Glactha Calafoirt ceanglais maidir le dramhaíl a sheachadadh ó longa chuig calafoirt. Cé go ndíspreagtar leis an Treoir maidir le Truailliú ó Longa sceitheadh neamhdhleathach dramhaíola den sórt sin san fharraige, cuirtear bailiú agus bainistiú cuí dramhaíola chun feidhme leis an Treoir maidir le Saoráidí Glactha Calafoirt. Tá oibleagáid seachadta na Treorach maidir le Saoráidí Glactha Calafoirt ar aon dul le hoibleagáid seachadta na dtoirmeasc ar sceitheadh in MARPOL. Ní mór do longa a réamhfhógraí dramhaíola agus a bhfáltais seachadta

[11] Treoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le saoráidí glactha calafoirt don seachadadh dramhaíola ó longa, lena leasaítear Treoir 2010/65/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/59/CE https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2019/883/oj

[12] Féach barúlacha 41 go 53 ó CIE.

dramhaíola a thuairisciú, arb iad is bonn leis na cigireachtaí a thaifeadtar in THETIS an Aontais. Déanann an Coimisiún faireachán ar na rátaí cigireachta agus seiceálann sé ar baineadh amach an sprioc bhliantúil.[13]

Leis an treoir nua-athbhreithnithe maidir le rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt (RSC), cuirtear feabhas ar an gcóras cigireachta a dhéanann oifigigh RSC ar longa eachtracha i gcalafoirt stát seachas an stát brataí, chun a fhíorú go gcomhlíonann inniúlacht an mháistir, na n-oifigeach agus an chriú ar bord, riocht na loinge, agus a trealaimh ceanglais na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta agus, san Aontas, dlí an Aontais is infheidhme. Dá réir sin, tá RSC tábhachtach chun sábháilteacht mhuirí a áirithiú agus chun an timpeallacht mhuirí a chosaint. Leis an treoir athbhreithnithe, déantar an méid seo a leanas: (i) reachtaíocht an Aontais a thabhairt cothrom le dáta agus í a ailíniú le rialacha agus nósanna imeachta idirnáisiúnta mar a leagtar amach i meabhrán tuisceana (MT) Pháras agus i gcoinbhinsiúin IMO, (ii) soithí iascaireachta, a gcriúnna, agus an timpeallacht a chosaint, lena n-áirítear cosaint trí chóras cigireachtaí deonacha a thabhairt isteach le haghaidh soithí iascaireachta níos mó (níos mó ná 24 mhéadar ar fad), (iii) cur chuige éifeachtúil comhchuibhithe a áirithiú maidir le cigireachtaí RSC a dhéanamh.[14]

## 3. Creat an Aontais chun faireachán a dhéanamh ar thruailliú ó longa

In 2008, ghlac an tAontas an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí[15] chun éiceachórais mhuirí atá glan, sláintiúil, táirgiúil agus athléimneach a chothabháil agus, ag an am céanna, a dhaingniú go mbainfear úsáid níos inbhuanaithe as acmhainní muirí.

Leis an Treoir, ceanglaítear ar na Ballstáit straitéisí náisiúnta muirí a fhorbairt chun 'dea-stádas comhshaoil' a bhaint amach, nó a choinneáil ar bun i gcás inarb ann dó, ar fud 11 thuairisceoir, lena n-áirítear éilleáin agus bruscar muirí. Ba cheart go mbeadh an stádas sin bainte amach faoi 2020. Is éard atá sna straitéisí muirí measúnuithe rialta ar an timpeallacht mhuirí, cuspóirí agus spriocanna a leagan síos, cláir faireacháin a bhunú agus bearta a chur i bhfeidhm chun staid na n-uiscí mara a fheabhsú. Ní mór na straitéisí sin a thabhairt cothrom le dáta i dtimthriallta sé bliana. Ós rud é gur treoir réime é seo, féadfaidh na cláir faireacháin arna bhforbairt ag na Ballstáit leas a bhaint as iarrachtaí éagsúla faireacháin eile de chuid an Aontais nó iarrachtaí faireacháin réigiúnacha agus idirnáisiúnta. Tá an Coimisiún tiomanta d'fheabhas a chur ar chláir faireacháin na mBallstát agus d'eisigh sé dhá thuarascáil chun treoir a thabhairt do na Ballstáit ina n-iarrachtaí faireacháin, agus iad i mbun idirphlé leanúnach trí chomhstraitéis cur chun feidhme na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí faoi láthair.[16]

[13] Féach barúlacha 54 go 58 ó CIE.
[14] Féach barúlacha 59 go 61 ó CIE.
[15] Treoir 2008/56/CE an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí), IO L 164, 25.6.2008, lgh. 19–40 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex:32008L0056
[16] Féach barúlacha 73 go 91 ó CIE.

# III. FREAGRACHTAÍ ÓN gCOIMISIÚN MAIDIR LE MOLTAÍ Ó CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

## Moladh 1 — Feidhmiú agus éifeachtacht uirlisí foláirimh EMSA maidir le truailliú a fheabhsú

**(Spriocdháta cur chun feidhme: 2027)**

**Ba cheart don Choimisiún, le tacaíocht ó EMSA, an méid seo a leanas a dhéanamh:**

**(a) treoirlínte a chur ar fáil do na Ballstáit maidir leis na gníomhaíochtaí atá le déanamh agus na hoibleagáidí tuairiscithe a bhaineann le foláirimh CleanSeaNet;**

**Glacann** an Coimisiún leis an moladh sin.

Leanfaidh an Coimisiún, le tacaíocht ó EMSA, de bheith ag obair leis na Ballstáit, go háirithe i bhfóram an ghrúpa úsáideoirí CleanSeaNet agus spreagfaidh sé iad chun gníomhaíochtaí a dhéanamh agus tuairisciú a dhéanamh ar an obair leantach ar fholáirimh CleanSeaNet (braitheadh teagmhais truaillithe a d'fhéadfadh a bheith ann in CleanSeaNet). Forbrófar treoraíocht shonrach a bhaineann le CleanSeaNet in éineacht leis an ngrúpa úsáideoirí CleanSeaNet. Foilseoidh an Coimisiún, le tacaíocht ó EMSA, treoirlínte ina leagfar síos rialacha mionsonraithe maidir leis an nós imeachta tuairiscithe ionas gur féidir leis na Ballstáit a n-oibleagáidí tuairiscithe a thosóidh in 2027 a chomhlíonadh.

**(b) an teicneolaíocht agus an mhodheolaíocht a fhorbairt le haghaidh foláirimh maidir le truailleáin seachas ola; agus**

**Glacann** an Coimisiún leis an moladh sin.

Le tacaíocht ó EMSA, cuirfidh an Coimisiún feabhas ar CleanSeaNet ionas gur féidir leis na Ballstáit a chur ar an eolas faoi níos mó cineálacha truailleán e.g. séarachas, dramhaíl, coimeádáin chaillte. Tá an cúram sin beartaithe mar chuid den tionscadal chun uirlisí TF arna n-óstáil ag EMSA a chur in oiriúint do riachtanais na Treorach leasaithe maidir le Truailliú ó Longa. Tá uainiú an tionscadail ailínithe le huainiú thrasuí na Treorach.

**(c) measúnú a dhéanamh ar iontaofacht fholáirimh truaillithe EMSA agus ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil gníomhaíochtaí na mBallstát mar fhreagairt ar na foláirimh éifeachtach.**

**Glacann** an Coimisiún leis an moladh sin.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar ghníomhaíochtaí na mBallstát mar fhreagairt ar fholáirimh CleanSeaNet agus tuairisceoidh sé ar an líon teagmhas truaillithe féideartha CleanSeaNet a bhraitear, a fhíoraítear agus a dheimhnítear. Déanfar anailís ar fhaisnéis maidir le hiontaofacht CleanSeaNet trí chros-seiceáil a dhéanamh le cásanna de theagmhais dheimhnithe arna dtuairisciú ag na Ballstáit agus tabharfar ar aird go bhfuil tráth na barúla agus na cineálacha sócmhainní a úsáidtear san fhíorú ríthábhachtach chun éifeachtacht an fhíoraithe ar an láthair a áirithiú. Gheofar an fhaisnéis maidir le héifeachtacht ghníomhaíocht na mBallstát trí chomparáid a dhéanamh idir an líon teagmhas fíoraithe a ndearnadh teagmhais dheimhnithe díobh. Ní féidir anailís den sórt sin a dhéanamh ach amháin nuair a bheidh na hoibleagáidí tuairiscithe nua éigeantach do na Ballstáit i.e.

tar éis spriocdháta an trasuí i mí Iúil 2027. Faoi dheireadh 2027, is féidir a bheith ag súil le réamhshonraí chun measúnú a dhéanamh ar iontaofacht foláireamh toisc nach ndéanfar an Treoir a thrasuí ach ar feadh cúig mhí faoin am sin. Beidh an fhaisnéis sin neamhiomlán toisc gurb é an 30 Meitheamh 2028 an chéad sprioc-am tuairiscithe le haghaidh faisnéis faoi na pionóis a forchuireadh le linn na bliana féilire roimhe sin i gcás teagmhas deimhnithe.

## Moladh 2 — An faireachán ar sheiceálacha éigeantacha na mBallstát faoi threoracha an Aontais a neartú

**(Spriocdháta cur chun feidhme: 2028)**

**Ba cheart don Choimisiún, le tacaíocht ó EMSA, feabhas a chur ar an gcaoi a dtuairiscíonn na Ballstáit go bhfuil na ceanglais faoi threoracha AE á gcomhlíonadh acu chun seiceálacha a dhéanamh agus chun pionóis nó smachtbhannaí a chur i bhfeidhm, mar shampla trí spriocdhátaí tuairiscithe, formáidí tuairiscithe agus táscairí a leagan síos.**

**Glacann** an Coimisiún leis an moladh sin.

Maidir le truailliú ó longa, bunóidh an Coimisiún, le tacaíocht ó EMSA, uirlis tuairiscithe nua chun an Treoir leasaithe maidir le Truailliú ó Longa a chur chun feidhme chun seiceálacha a dhéanamh i dtaobh an bhfíoraíonn na Ballstáit teagmhais fhéideartha agus an gcuireann siad pionóis i bhfeidhm i gcásanna inar deimhníodh an truailliú agus inar sainaithníodh an ciontóir. Is é an 30 Meitheamh gach bliain an spriocdháta tuairiscithe le haghaidh pionóis a forchuireadh le linn na bliana féilire roimhe sin. Ullmhóidh an Coimisiún, le tacaíocht ó EMSA, formáid tuairiscithe agus roinnfidh sé tacar táscairí maidir le truailliú ó longa leis an bpobal. Ní féidir na táscairí nua a chomhroinnt go dtí go mbeidh na hoibleagáidí tuairiscithe nua éigeantach i.e. faoi dheireadh 2028 nuair a bheidh na chéad tuarascálacha ar fáil.

Maidir le cigireachtaí ar rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt, déantar foráil sa Treoir leasaithe maidir le hoiliúint fheabhsaithe do chigirí na mBallstát chun cáilíocht na gcigireachtaí a fheabhsú, déantar an tréimhse ama a ghéarú freisin faoina gcaithfidh na Ballstáit a dtuarascálacha cigireachta a chur faoi bhráid bhunachar sonraí an Aontais — socrófar é sin ag 72 uair an chloig anois.

## Moladh 3 – Obair leantach a dhéanamh ar shaincheisteanna i dtionscadail arna gcistiú ag an Aontas

**(Spriocdháta cur chun feidhme: 2026)**

**Ba cheart don Choimisiún, in éineacht leis na Ballstáit, obair leantach a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le huas-scálú, a bhfuil tionchar acu ar thionscadail arna gcistiú ag an Aontas a théann i ngleic le truailliú ó longa.**

**Glacann** an Coimisiún **go páirteach** leis an moladh sin.

Mar a luaigh CIE, úsáidtear roinnt clár cistiúcháin de chuid an Aontais chun tionscadail a théann i ngleic le truailliú ó longa a mhaoiniú. Os a choinne sin, níl aon cheann de chláir chistiúcháin an Aontais tiomnaithe go heisiach do thruailliú ó longa. Dá bhrí sin, ní mór an moladh sin a mheas le haghaidh gach cláir cistiúcháin lena n-áirítear tionscadail lena dtéitear i ngleic le truailliú ó long.

Faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus CEMID, tá formhór na dtionscadal lena dtéitear i ngleic le truailliú ó longa faoi bhainistíocht chomhroinnte idir an Coimisiún agus na Ballstáit. Oibreoidh an

Coimisiún leis na Ballstáit agus tarraingeoidh sé anuas saincheist an uas-scálaithe mar bhuanphointe sna cruinnithe Athbhreithnithe Feidhmíochta Bliantúla do CEMID chun úsáid cistí a spreagadh maidir le tionscadail amhail iad siúd a luaitear in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an tuarascáil seo ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, agus iad a mhéadú. Tá an mheastóireacht ar shaincheisteanna a bhaineann le méadú tionscadal fós faoi shainchúram na mBallstát, áfach.

Faoin gclár Fís Eorpach, dírítear le comhpháirtíocht an Gheilleagair Ghoirm inbhuanaithe ar thionchar an gheilleagair ghoirm ar an timpeallacht mhuirí agus ar an timpeallacht chósta a laghdú go ginearálta. Gan aghaidh a thabhairt go sonrach ar shaincheist an truaillithe ó longa trí ghníomhaíocht thiomnaithe, rannchuideoidh sé 'le coincheapa nuálacha agus inbhuanaithe le haghaidh soithí beaga agus meánmhéide agus bádóireacht áineasa' mar a luaitear i gClár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht 2024[17]. Le Misean an Aontais 'Ár nAigéan agus ár nUiscí a Athbhunú', tugtar aghaidh freisin ar an gcuspóir truailliú a laghdú ar fud an aigéin, na bhfarraigí agus na n-uiscí, chomh maith le tacú le geilleagar gorm atá neodrach ó thaobh carbóin de[18]. Faoin gcomhpháirtíocht maidir leis an ngeilleagar gorm inbhuanaithe agus faoi mhisean an Aontais 'Ár nAigéan agus ár nUiscí a Athbhunú', breithneoidh an Coimisiún na saincheisteanna a dhéanann difear do mhéadú na dtionscadal a fhaigheann tacaíocht toisc gur cuid dá bpríomhchuspóirí é.

Mar gheall ar dhearadh sonrach na gclár cistiúcháin eile a bhféadfadh tionscadail lena dtéitear i ngleic le truailliú ó longa a bheith san áireamh iontu, níl an Coimisiún in ann an moladh le haghaidh na gclár sin a chur chun feidhme.

## Moladh 4 — Tuairisciú agus faireachán ar stádas comhshaoil uiscí mara a fheabhsú

**(Spriocdháta cur chun feidhme: 2027)**

**Ba cheart don Choimisiún feabhas a chur ar chomhchuibhiú maidir le faireachán agus tuairisciú na dtruailleán agus an bhruscair mara, agus é sin a dhéanamh ar leibhéal na mBallstát eatarthu féin agus ar leibhéal an Choimisiúin. Áirítear leis sin, rochtain a thabhairt ar shonraí foluiteacha inchomparáide ionas gur fearr a fhéadfar an dul chun cinn i riocht na timpeallachta muirí a thomhas.**

**Glacann** an Coimisiún leis an moladh sin.

Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil cheana féin leis na Ballstáit chun feabhas a chur ar chomhchuibhiú maidir le faireachán agus tuairisciú trí Chomhstraitéis cur chun feidhme na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag obair leis na Ballstáit chun an méid sin a fheabhsú a thuilleadh. Tá meastóireacht á déanamh ag an gCoimisiún ar an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí agus, dá bhrí sin, breithneoidh sé freisin oibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe sa chleachtadh sin. Féadfaidh an Coimisiún na leasuithe is gá ar an reachtaíocht a mholadh; ní féidir leis an gCoimisiún réamhbhreith a dhéanamh ar thoradh an mheasúnaithe tionchair, áfach. Trína chreatchláir le haghaidh taighde agus nuálaíochta, tá punann tionscadal cistithe ag an Aontas, arb é is aidhm dóibh, *inter alia*, faireachán agus measúnú ar thruailliú plaisteach a chomhchuibhiú. Áirítear freisin i bPlean Straitéiseach 2025-27 de chuid an Chláir Fís Eorpach an gá atá le haghaidh a thabhairt ar thruailliú fionnuisce agus uisce farraige ón bhfoinse go dtí an fharraige agus faireachán a dhéanamh air sin. Féachann an Coimisiún go leanúnach leis an nasc idir taighde agus ceapadh

[17] sustainable_blue_economy_partnership_strategic_research_and_innovation_agenda_2024.pdf (lgh 8)

[18] Ár nAigéan agus ár nUiscí a Athbhunú — An Coimisiún Eorpach

agus cur chun feidhme beartas a neartú agus tacaíonn sé go láidir le glacadh thorthaí na dtionscadal i gcur chun feidhme na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí.